FSSU
Financial Support Services Unit

Emmet House, Milltown, Dublin 14
Tel: 01 2690677 Email: info@fssu.ie

# Financial Guideline 2020/2021 - 18

## Voluntary Secondary Schools

### Grants payable to Non-Fee Paying Voluntary Secondary Schools School year 2020/2021

1. **Standard Capitation Grant: €316** per capita (increased from 1st of September 2020 from €309) less the contribution to teachers' salaries of **€450.40** per each Permanent/CID whole time equivalent (WTE) teacher on the DES payroll (reduced from €562 from the 1st of September 2020).
   The grant is paid in three instalments based on current enrolment:

   **September 2020: €105.33 per capita; January 2021: €105.33 per capita; April 2021: €105.33 per capita.**

   **N.B. Where the school's enrolment increases or decreases, the September and January payments are calculated on 2019/2020 enrolment and the full adjustment for current year enrolment is applied to the April payment.**

2. **DEIS Grant (DEIS Schools only):** Schools included in the School Support Programme under DEIS receive a grant which is based on the level of concentrated disadvantage in each school and the school's enrolment. Queries in relation to the DEIS grant should be directed to Social Inclusion Unit in the Department of Education and Skills.

3. **Support Services Grant: €223.50** per capita in 2020 and **€224.50** per capita in 2021 payable in three instalments in September, January and April. The minimum grant payable for 2021 is set at **€44,900.**

4. **Grants for Secretaries:**

   a) Basic Secretarial Grant - **€40** per capita. The maximum grant payable for 2021 is set at **€14,000.**

   b) SSSF Secretary Grant - **€26.50** per capita. The minimum grant payable for 2021 is set at €**5,300** and the maximum grant is set at **€9,275.**

(School secretaries employed under the 1978 scheme are paid directly by the DES and therefore any such school is not entitled to the secretarial grants above regardless of its enrolment figure. However, if this secretary resigns/retires the school will be paid a grant based on enrolment figure subject to a maximum of 350).

5. **Grants for Caretakers:**

   a) Basic Caretaker Grant - **€34** per capita. The maximum grant payable for 2021 is set at **€11,900**.
   b) SSSF Caretaker Grant - **€20.50** per capita. The minimum grant payable for 2021 is set at **€4,100** and the maximum grant is set at **€7,175**.

   To qualify for the **Basic Secretary or Caretaker Grants** a school must have an enrolment figure of at least 200 pupils. The grant is calculated by multiplying the enrolment figure by the rate per capita up to a maximum of 350 pupils. If a school subsequently falls below the 200 enrolment figure the grant is paid on the enrolment figure x rate.

   The **SSSF Caretaker/Secretary Grants** are paid to schools receiving either of the above mainstream grants. A school in receipt of the Secretary Grant will receive the SSSF – Secretary Grant and a school in receipt of the Caretaker Grant will receive the SSSF – Caretaker Grant. Each eligible school will receive a minimum grant based on 200 pupils up to a maximum based on 350 pupils. Schools with enrolments between 200 and 350 will be paid on a pro rata basis.

   Schools that have never reached a minimum enrolment figure of 200 pupils, and therefore are not in receipt of the Caretaker or Secretary grants, are still entitled to the SSSF Caretaker (€20.50 per student for 2021) and SSSF Secretary (€26.50 per student for 2020) grants at the minimum grant of 200 x Rate.

6. **Tuition Grants**

   a. **Transition Year Grant: €95** per student in Transition Year
   b. **Leaving Certificate Applied Grant: €151** per student in LCA
   c. **Junior Certificate Schools Programme: €60** per student in First Year JCSP
   d. **Physics and Chemistry: €13** per student taking Physics and/or Chemistry in 5th and 6th Year.

7. **Book Grant: €24** per student in non-DEIS schools and **€39** per student in DEIS schools.

8. **Grant Special Needs Class:** A grant of **€201 per capita** (increased from €191 from the 1st of September 2020) is payable in respect of students psychologically assessed as having a mild or moderate learning disability **and** who participate in National Council for Special Education (NCSE) approved special classes.

9. **Irish and Bi-Lingual Grants: €108** per student (increased from €103 from the 1st of September 2020) where all subjects are taught through Irish and **€22** per student per subject where a maximum of four subjects are taught through Irish (increased from €21 from the 1st of September 2020).

10. **Grant for Traveller** students is **€213.50** (increased from €201 from the 1st of September 2020) per student.

11. **Supervision/Substitution Scheme Funding**

Where a teacher has opted out of Supervision and Substitution Scheme, an amount equivalent to the supervision and substitution allowance has been allocated to the teacher's school for the provision of supervision and substitution duties. This grant cannot be used to pay full-time teachers or teachers who have opted out of the Scheme for supervision and substitution on a casual/ non-pensionable basis.

The school will receive €1,769 per annum for teachers employed pre - 1 January 2011 and €1,592 for teachers employed post- 31st December 2010 who opted out of the scheme.

12. **Capital Grants:** With prior Trustee approval, the Board of Management may seek capital funding from the Department of Education and Skills under the following categories:

- Major Projects
- Additional Accommodation
- Emergency Works (See Circular 0068/2020)
- Remediation Programmes
- Summer Works Scheme

Application forms for Major Projects (Form SLE) and Additional Accommodation (Form ASA) should be downloaded from the Department of Education and Skills website www.education.ie under School Building & Design/Building Works.
Post-primary schools requiring **emergency works** to be undertaken must apply under this scheme by completing the online Emergency Works Application Form available through the Esinet system under the tab labelled 'Devolved Projects'.

13. **References**
This financial guideline is based on Department of Education Circulars 0052/2020, 0082/2020, and 0015/2015.

Tel: 01-269 0677
info@fssu.ie
18th January 2021

| | SUMMARY OF GRANTS PAYABLE 2020/2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **No** | **Grant Description** | **Rate per Student** | **Instalments** | **Payment Due** | **Notes** |
| 1 | **Capitation** Standard Rate | **€316** | 3 | Sept/Jan/Apr | €450.40 per PWT/CID deducted from total for school basic salary |
| 2 | **DEIS Grant**<br>**DEIS (Delivering Equality Of Opportunity in Schools)** | | 1 | Paid in advance in April 2020 | Payable only to schools classified as DEIS |
| 3 | **Support Services Grant** | **2020: €223.50**<br>**2021: €224.50** | 3 | Sept/Jan/Apr | Minimum for 2021 - €44,900 |
| 4 | **Secretary** | **€40** | 3 | Sept/Jan/Apr | Schools not in 1978 scheme. Min. Enrolment - 200.<br>Maximum for 2021 - €14,000 |
| 5 | **Secretary - School Services Support Fund (SSSF)** | **€26.50** | 3 | Sept/Jan/Apr | Schools not in 1978 Scheme.<br>Minimum for 2021 - €5,300<br>Maximum for 2021 - €9,275 |
| 6 | **Caretaker** | **€34** | 3 | Sept/Jan/Apr | Minimum Enrolment - 200<br>Maximum for 2021 - €11,900 |
| 7 | **Caretaker- School Services Support Fund (SSSF)** | **€20.50** | 3 | Sept/Jan/Apr | Payable to all schools<br>Minimum for 2021 - €4,100<br>Maximum for 2021 - €7,175 |
| 8 | **Transition Year** | **€95** | 1 | Jun | |
| 9 | **Leaving Cert Applied** | **€151** | 1 | Jun | |
| 10 | **Junior Cert School Programme** | **€60** | 1 | Jun | 1st Year JCSP only |
| 11 | **Physics and Chemistry** | **€13** | 1 | Jun | Per student in 5th and 6th Year Physics and/or Chemistry |
| 12 | **Special Needs Grant for students with mild/moderate learning disability** | **€201** | 1 | Dec | For students who participate in special class group with sanctioned resource teacher. |
| 13 | **Book Grant**<br>**non-DEIS Schools**<br>**DEIS Schools** | <br>**€24**<br>**€39** | 1 | Jun | Book grant paid in June 2021 is for 2021/2022 school year. |
| 14 | **Traveller Grant** | **€213.50** | 1 | Dec | |
| 15 | **Bi-Lingual**<br>all subjects through Irish<br>min 4 subjects through Irish | <br>**€108**<br>**€88** | 1 | May | |
| 16 | **Supervision and Substitution**<br>Pre Jan 1, 2011 teachers<br>For teachers joining the scheme after Dec 31, 2010 | <br>**€1,769**<br>**€1,592** | | | |

FSSU
Financial Support Services Unit

Teach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14
Guthán: 01 2690677 R-phost: info@fssu.ie

# Treoirlíne Airgeadais 2020/2021 - 18

## Meánscoileanna Deonacha

### Deontais is Iníoctha le Meánscoileanna Deonacha Gan Táille Scoilbhliain 2020/2021

1. **Gnáthdheontas Caipitíochta: €316** in aghaidh an duine (méadaithe ó €309 ón 1 Meán Fómhair 2020) lúide an ranníocaíocht i leith tuarastail mhúinteora, i.e. **€450.40** in aghaidh an mhúinteora CLA (coibhéis lánaimseartha), cibé buan nó ar conradh tréimhse éiginnte, atá ar phárolla na Roinne Oideachais agus Scileanna (laghdaithe ó €562 ón 1 Meán Fómhair 2020).
   Íoctar an deontas seo ina thrí thráthchuid de réir rollú reatha na scoile:

   **Meán Fómhair 2020: €105.33 in aghaidh an duine; Eanáir 2021: €105.33 in aghaidh an duine; Aibreán 2021: €105.33 in aghaidh an duine.**

   **N.B. Nuair a thagann méadú nó laghdú ar rollú na scoile, déantar na híocaíochtaí i mí Mheán Fómhair agus i mí Eanáir a ríomh de réir rollú 2019/2020 agus cuirtear an ceartú iomlán le haghaidh rollú na bliana reatha i bhfeidhm ar an íocaíocht i mí Aibreáin.**

2. **Deontas DEIS (Scoileanna DEIS amháin):** Scoileanna atá san áireamh sa Chlár Tacaíochta Scoile faoi DEIS, faigheann siad deontas a bhíonn bunaithe ar leibhéal an dlúth-mhíbhuntáiste i ngach scoil, chomh maith le rollú na scoile. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an deontas DEIS a chur chuig an Aonad um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

3. **Deontas Seirbhísí Tacaíochta: €223.50** in aghaidh an duine in 2020 agus **€224.5** in aghaidh an duine in 2021, agus é iníoctha ina thrí thráthchuid i mí Mheán Fómhair, mí Eanáir agus mí Aibreáin. Is é **€44,900** an deontas íosta is iníoctha don bhliain 2021.

4. **Deontais faoi chomhair Rúnaithe:**

   a) An Deontas Bunúsach Rúnaí - **€40** in aghaidh an duine. Is é **€14,000** an deontas uasta is iníoctha don bhliain 2021.
   b) An Deontas CTSS faoi chomhair Rúnaithe - **€26.50** in aghaidh an duine. Is é **€5,300** an deontas íosta is iníoctha don bhliain 2021 agus **€9,275** an deontas uasta.

(Is í an Roinn a íocann rúnaithe scoile atá faoi scéim 1978 go díreach agus níl aon scoil dá leithéid i dteideal na ndeontas rúnaí thuas beag beann ar a figiúr rollaithe. Bíodh sin mar atá, má éiríonn an rúnaí sin as nó má théann ar scor, íocfar deontas leis an scoil bunaithe ar an bhfigiúr rollaithe, ach nach mó ná 350)

5. **Deontais faoi chomhair Feighlithe:**

   a) An Deontas Bunúsach Feighlí - **€34** in aghaidh an duine. Is é **€11,900** an deontas uasta is iníoctha don bhliain 2021.
   b) An Deontas CTSS faoi chomhair Feighlithe - **€20.50** in aghaidh an duine Is é **€4,100** an deontas íosta is iníoctha don bhliain 2021 agus **€7,175** an deontas uasta.

Ní mór go mbeadh 200 scoláire ar a laghad rollaithe sa scoil le bheith i dteideal **na nDeontas Bunúsach Rúnaí nó Feighlí**. Ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta in aghaidh an duine, suas le 350 scoláire ar a mhéad. Má thiteann rollú na scoile faoi bhun 200 ina dhiaidh sin, ríomhtar an deontas tríd an bhfigiúr rollaithe a iolrú faoin ráta.

Íoctar **na Deontais CTSS faoi chomhair Rúnaithe/Feighlithe** le scoileanna a fhaigheann ceachtar de na deontais phríomhshrutha thuas. Gheobhaidh scoil a fhaigheann an Deontas Rúnaí an Deontas CTSS faoi chomhair Rúnaithe agus gheobhaidh scoil a fhaigheann an Deontas Feighlí an Deontas CTSS faoi chomhair Feighlithe chomh maith. Gheobhaidh gach scoil incháilithe deontas íosta bunaithe ar 200 scoláire, suas le 350 scoláire ar a mhéad. Íocfar ar bhonn pro rata scoileanna a bhfuil a rollú idir 200 agus 350 scoláire.

Scoileanna nach bhfuil an t-íosfhigiúr rollaithe (200 scoláire) bainte amach acu, agus nach bhfaigheann an Deontas Rúnaí ná an Deontas Feighlí dá bharr sin, tá siad fós i dteideal an Deontais CTSS faoi chomhair Feighlithe (€20.50 in aghaidh an scoláire don bhliain 2021) agus an Deontais CTSS faoi chomhair Rúnaithe (€26.50 in aghaidh an scoláire don bhliain 2021) ar an ráta íosta, i.e. 200 x an Ráta.

6. **Deontais Teagaisc**

   a) **Deontas na hIdirbhliana: €95** in aghaidh an scoláire san Idirbhliain

   b) **Deontas don Ardteistiméireacht Fheidhmeach: €151** in aghaidh an scoláire atá ag gabháil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

   c) **Clár an Teastais Shóisearaigh do Scoileanna: €60** in aghaidh an scoláire sa Chéad Bhliain den Chlár

   d) **Fisic agus Ceimic: €13** in aghaidh an scoláire atá ag gabháil don Fhisic agus/nó don Cheimic sa 5ú nó sa 6ú bliain.

7. **Deontas Leabhar: €24** in aghaidh an scoláire i scoileanna nach scoileanna DEIS agus **€39** in aghaidh an scoláire i scoileanna DEIS.

8. **Deontas do Ranganna Riachtanas Speisialta:** Tá deontas €201 in aghaidh an duine (méadaithe ó €191 ón 1 Meán Fómhair 2020) iníoctha i leith scoláirí a measadh go síceolaíoch a bhfuil míchumas foghlama éadrom nó measartha acu **agus** a ghlacann páirt i ranganna speisialta atá faofa ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

9. **Deontais Ghaeilge agus Dátheangachais: €108** in aghaidh an scoláire (méadaithe ó €103 ón 1 Meán Fómhair 2020) sa chás go dteagasctar na hábhair go léir trí mheán na Gaeilge agus
   **€22** in aghaidh an scoláire in aghaidh an ábhair sa chás go dteagasctar nach mó ná ceithre ábhar trí mheán na Gaeilge (méadaithe ó €21 ón 1 Meán Fómhair 2020).

10. Is é **€213.50** (méadaithe ó €201 ón 1 Meán Fómhair 2020) in aghaidh an scoláire an Deontas do Scoláirí de chuid an Lucht Siúil.

11. **Maoiniú don Scéim Maoirseachta/Ionadaithe**

    Sa chás gur dhiúltaigh múinteoir a bheith páirteach sa Scéim Maoirseachta agus Ionadaithe, leithdháiltear méid is ionann agus an liúntas maoirseachta agus ionadaithe ar scoil an mhúinteora chun dualgais mhaoirseachta agus ionadaithe a chomhlíonadh. Ní ceadmhach an deontas sin a úsáid le múinteoirí lánaimseartha a dhiúltaigh a bheith páirteach sa scéim a íoc as maoirseacht ná ionadú ar bhonn neamhfhoirmeálta/neamh-inphinsin.

    Gheobhaidh an scoil €1,769 sa bhliain i leith múinteoirí a fostaíodh roimh an 1 Eanáir 2011 agus €1,592 i leith múinteoirí a fostaíodh tar éis an 31 Nollaig 2010 a dhiúltaigh a bheith páirteach sa scéim.

12. **Deontais Caipitil:** Tar éis cead a fháil ó na hIontaobhaithe roimh ré, féadfaidh an Bord Bainistíocha maoiniú caipitil a lorg ón Roinn Oideachais agus Scileanna faoi na catagóirí seo a leanas:

    - Mórthionscadail
    - Cóiríocht Bhreise
    - Oibreacha Éigeandála (Féach Ciorclán 0068/2020)
    - Cláir Feabhsúcháin
    - Scéim na nOibreacha Samhraidh

Is féidir foirmeacha iarratais ar Mhórthionscadail (Foirm SLE) agus ar Chóiríocht Bhreise (Foirm ASA) a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna www.education.ie faoi Dearadh agus Tógáil Scoileanna/Oibreacha Tógála.
I gcás iar-bhunscoileanna a dteastaíonn **oibreacha éigeandála** uathu, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh faoin scéim seo ach an Fhoirm Iarratais ar Oibreacha Éigeandála a chomhlánú ar líne trí chóras Esinet, faoin táb 'Devolved Projects'.

**13. Tagairtí**

Tá an treoirlíne airgeadais seo bunaithe ar Chiorcláin 0052/2020, 0082/2020, agus 0015/2015 ón Roinn Oideachais.

Guthán: 01-269 0677
**info@fssu.ie**

An 18 Eanáir 2021

| | ACHOIMRE AR NA DEONTAIS IS INÍOCTHA, 2020/2021 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Cur Síos ar an Deontas** | **Ráta in aghaidh an Scoláire** | **Tráthchodanna** | **Íocaíocht Dlite** | **Nótaí** |
| 1 | **Caipitíocht** Gnáthráta | **€316** | 3 | MF/Ean/Aib | €450.40 in aghaidh an mhúinteora bhuain lánaimseartha/ar conradh tréimhse éiginnte (MBLA/CTÉ) arna asbhaint ón iomlán le haghaidh bhuntuarastal na scoile |
| 2 | **Deontas DEIS**<br>**DEIS (Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna)** | | 1 | Íocadh roimh ré in Aibreán 2020 é | Iníoctha le scoileanna DEIS amháin |
| 3 | **Deontas Seirbhísí Tacaíochta** | **2020: €223.50**<br>**2021: €224.50** | 3 | MF/Ean/Aib | Íosmhéid do 2021 - €44,900 |
| 4 | **Rúnaí** | **€40** | 3 | MF/Ean/Aib | Scoileanna nach bhfuil i scéim 1978.<br>Íos. Rollú - 200.<br>Uasmhéid do 2021 - €14,000 |
| 5 | **Rúnaí - An Ciste Tacaíochta do Sheirbhísí Scoile (CTSS)** | **€26.50** | 3 | MF/Ean/Aib | Scoileanna nach bhfuil i scéim 1978.<br>Íosmhéid do 2021 - €5,300<br>Uasmhéid do 2021 - €9,275 |
| 6 | **Feighlí** | **€34** | 3 | MF/Ean/Aib | Rollú Íosta - 200<br>Uasmhéid do 2021 - €11,900 |
| 7 | **Feighlí - Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile (CTSS)** | **€20.50** | 3 | MF/Ean/Aib | Iníoctha le gach scoil<br>Íosmhéid do 2021 - €4,100<br>Uasmhéid do 2021 - €7,175 |
| 8 | **An Idirbhliain** | **€95** | 1 | Meith | |
| 9 | **An Ardteistiméireacht Fheidhmeach** | **€151** | 1 | Meith | |
| 10 | **Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh** | **€60** | 1 | Meith | 1ú Bhliain den CSTS amháin |
| 11 | **Fisic agus Ceimic** | **€13** | 1 | Meith | In aghaidh an scoláire sa 5ú agus sa 6ú bliain Fisic agus/nó Ceimic |
| 12 | **Deontas Riachtanas Speisialta do Scoláirí a bhfuil míchumas foghlama éadrom/measartha orthu** | **€201** | 1 | Noll | Do scoláirí a ghlacann páirt i rang speisialta le múinteoir acmhainne ceadaithe. |
| 13 | **Deontas Leabhar**<br>**Scoileanna nach scoileanna DEIS iad**<br>**Scoileanna DEIS** | <br>**€24**<br>**€39** | 1 | Meith | Is é an deontas leabhar a íocadh i mí an Mheithimh 2021 an deontas don scoilbhliain 2021/2022. |
| 14 | **An Deontas don Lucht Siúil** | **€213.50** | 1 | Noll | |
| 15 | **Dátheangach**<br>gach ábhar trí mheán na Gaeilge<br>líon nach lú ná 4 ábhar trí mheán na Gaeilge | <br>**€108**<br>**€88** | 1 | Beal | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 16 | **Maoirseacht agus Ionadú**<br>Múinteoirí a fostaíodh roimh an 1 Eanáir 2011<br>Múinteoirí a tháinig isteach sa scéim tar éis 31 Noll 2010 | **€1,769**<br>**€1,592** | | | |